Focal id' Chluais.

A word in your ear. Nollag 2011.

CSP
Meitheal Mhúscraí

An Nollaig sa Cheantar seo Fadó

Ag druidim leis an Nollag glanadh an tigh agus na cróite go maith agus cuireadh aoldathú ortha. Glanadh an clós freisin. Ceann des na rudaí is salaí a bhí le déanamh ná an simné a ghlanadh. Deineadh é seo le tor cuilinn ón bpáirc. Cuireadh an tor cuilinn suas an simné chun an súiche a bhaint de. Nuair a bhí sé seo déanta cuireadh aoldathú ar an dtinteán. Bhí an tigh maisithe le cuileann agus eidhneán a bhí ag fás ins na páirceanna. Cuireadh coinnle isteach i bpotaí subha lán de ghaineamh agus cuireadh ar na fuinneoga iad. Bhí na potaí seo maisithe le páipéar síprise.

Bhí géanna agus turcaithe ag a lán feirmeoirí a bhí ullamh le díol ag margadh na Nollag. Díoladh iad cúpla seachtain roimh an Nollaig i Maigh Chromtha nó sa bhaile mór is cóngaraí. Bhí ioncam ag teacht isteach ós na margaí seo a bhí an-tábhachtach mar ní raibh mórán bainne ag dul go dtí an uachtarlann an tráth sin den bhliain.

Bhí an siopadóireacht is mó déanta timpeall am Nollag. Ceannaíodh buidéil leann dubha, uisce beatha agus coirdial sú craobh sa tsráidbhaile áitiúl. Rudaí eile a cheannaíodh ná cístí torthaí agus síolta, cruth ciorclach nó dronuilleogach a bhí ar na cístí seo. Ceannaíodh torthaí tirim agus síolta caraway chomh maith chun cístí cuiríní agus síolta a dhéanamh. Ceannaíodh coinneal mhór agus coinneal bheag le cur ar na fuinneoga. Ceannaíodh bodach mór le salann uirthi nó colmóir i gcóir an dinnéir Oíche Nollag. Cuireadh anlann bán le seo a thaitin le gach éinne. Ní coincheap nua-aimseartha é an athchúrsáil, tá sé ag tarlú leis na blianta. Mar shampla úsáideadh clúdach an ime mar líneál don bhastible chun cístí á bhácáil.

Bhíodh trí Aifreann maidin Nollag. Bhíodh daoine ag troscadh óna 12 a'chlog Oíche Nollag go dtí go dtagaidís abhaile ón Aifreann maidin Nollag. Bhíodh an bricfeasta acu ansin. Bhí dinnéar na Nollag soláthraithe ó bhaile. Bhí turcaí nó gé coimeádta siar ó mhargadh na Nollag don dinnéar le búiste déanta as prátaí brúite le h-im agus oinniúin, agus glasraí ón ngáirdín. Bhíodh císte cuiríní deas le nithe mar mhilseog tar éis an dinnéir. Bhíodh scoraíocht um thráthnóna nuair a ghlaodh na comharsana isteach. Bhíodh uisce beatha agus buidéil leann dubha le n-ól agus bhíodh a lán comhrá agus spraoi. Ar Lá le Stiofán thagadh na 'Wren Boys'ar chuairt. Bhídís ag canadh, ag seinnt ceoil agus ag damhsa. Bhíodh am Nollag an-speisialta mar thagadh gaolta ó chóngar agus thar lear ar chuairt agus thagadh Dadaí na Nollag freisin. Ligeadh daoine a scíth agus thógaidís sos ón obair. Bhí an Nollag fadó níos simplí mar ní raibh an oiread strus agus stró ag baint léi.

Leideanna don Gheimhreadh.

● Fiú amháin má fhéachann an bealach ceart go leor tá seans ann go bhfuil sraith oighear gléineach nó "Black Ice" air agus tá sé seo dainséarach. Bí faireach nuair atá oighear nó sneachta ar chosán nó ar bhóthar.

● Tabhair aird ar ghuaiseacha ós do chionn. D'fhéadadh coinlíní reo agus smutáin sneachta bheith dainséarach nuair a thiteann siad. Tá bogoighear a thiteann ó chrainn agus ó fhoirgnimh an-dhainséarach freisin. Bí ag faire amach an t-am go léir agus fan amach ó imeall na bhfoirgneamh.

●Tógann sé níos mó ama gluaisteán a stopadh nuair atá an bóthar fliuch, íoslaigh do luas agus fág spás níos faide idir do ghluaisteán féin agus an ceann chun tosaigh, ceithre soicind ar a laghad.

●Téigh bealach eile má tá an bóthar faoi uisce, ná dein iarracht tiomáint nó siúil tríd an dtuile. Tá seans ann go mbeadh an uisce níos doimhne ná mar a fhéachann sé. Ná dein gannmheas ar chumhacht uisce atá ag bogadh go tapaigh.

●Má éiríonn do chuid éadaí fliuch ón mbáisteach aistrigh iad go héadaí tirim chomh luath agus is féidir. D'fhéadfá fliú agus slaghdáin d'fháil ó bheith ag caitheamh éadaí fliucha.

●Nuair a bhíonn tú ag siúl ar chosán bí ag faire amach do locháin ar thaobh an bhóthair. Is féidir le feithiclí ag dul thart an t-uisce seo a chaitheamh anuas ar an gcosán.

●Is féidir le gaoth láidir cur isteach ar chothromú duine a bhíonn ag siúl. Dainséir eile ná géaga crainn agus slinnte ag titim. Nuair a bhíonn sé gaofar tá hata agus cóta níos oiriúnaí ná scáth fearthainne mar casann gaoth láidir an scáth fearthainne isteach is amach.

Meitheal Mhúscraí,
Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

pobal government supporting communities
NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Scoraíocht na Nollag.

Beidh Scoraíocht na Nollag ar siúl san Ionad Áise, Réidh na nDoirí ar an Déardaoin 15ú Nollaig ó 2.30in go 5in. Beidh fáilte roimh léitheoirí uile Focal id' Chluais. Beidh ceol, tae, comhrá agus a lán spiorad féiltiúla.
Beidh taisteal ar fáil, cuir glaoch ar 026 45661.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Le coinne, glaoigh ar Ann O Donovan ag 027 50340 nó 086 3679761.
Suathaireacht: Le coinne, Teil 087 6759121.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
Le coinne, dáta le socrú, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, 16ú lá de mí na Nollag, le coinne.
Glaoigh ar Joan O Donovan ag 086 8258023.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Deardaoin ag 9in.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 40999 nó 45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 45661 nó 45811
Suathaireacht: Do choinne glaoigh ar 087 6759121.
Cosliacht: Rita Sheehy, le coinne – 45559 / 40999
Scoraíocht na Nollag: 22ú lá de mhí na Nollag ó 2.30in – 5in. Breis eolas le fáil ó 026 45559 nó 40999.

Freagraí ón mí seo caite

Cleas Inchinne: An freagra ná gual.
Dúcheist Tapaidh: Bhuaigh Bill an rás.

Cóisir Seanóirí Uíbh Laoire

Beidh an chóisir do Sheanóirí i bparóiste Uíbh Laoire ar siúl in Áras CLG Béal Átha'n Ghaorthaidh ar an Domhnach an 11ú lá de mhí na Nollag ag 3in. Tá ticéid ar fáil ós na daoine san tionól paróiste.

An Chéad Chraoladh ag Teilifís Éireann

Bhí an chéad chraoladh ag Teilifís Éireann caoga bliain ó shin ar an 31ú lá de mhí na Nollag 1961. Ba é Éamon de Valera an chéad duine a thug óráid don lucht féachana nua teilifíse. Thug an Taoiseach Séan Lemass óráid ar an gcéad oíche freisin. B'é ceann de bhuaicphointí na hoíche an craoladh beo ón Óstán Gresham i mBaile Átha Cliath. Bhí na ceamaraí ag scannánú na n-aíonna a fuair cuireadh go dtí an Gresham don oíche agus an pobal a bhí ag damhsa taobh amuigh sa sneachta ar Shráid Uí Chonaill.

Fáilte Romhat, a Rí na nAingeal

Fáilte romhat, a Rí na nAingeal
Tréis do ghlactha, a choirp an Rí;
Fáilte romhat, a Rí na bhflaitheas.
Fóir, a Chríost, gach duine dínn.

Dia do bheatha, a Thiarna Dia,
Dia is duine thu, a Íosa Críost;
Dia do bheatha, a bhláth is gile,
Tusa beatha cách go fíor.

Fáilte romhat, a Ri na nAingeal
T'réis do ghlactha, a choirp an Rí;
Fáilte romhat, a Ri na bhflaitheas.
Fóir, a Chríost, gach duine dínn.

Nósanna na Nollag agus an Stair a bhaineann leo.

Cuileann: Is comhartha ádh agus dóchas é. Deirtear go dtugann píosa cuilinn cosaint don teach. Chuir feirmeoirí i gcró na mbó é chun sláinteachas an tréad a chinntiú.
Drualus: Planda speisialta é seo dos na draoithe. Bhí an dair diagach dos na draoithe freisin agus cheapadar gur choimeád an drualus an dair beo. Bhí sé mar chomhartha síocháin agus cairdeas. Thosnaigh an nós é a úsáid mar leithscéal do phóigín i Sasana.
Eidheann: Úsáideadh an planda seo mar chosaint in aghaidh na cailleacha. Bhí cuileann agus eidheann crochta lé chéile ionas go mbeadh síocháin idir an fear agus bean chéile sa bhliain dar gcionn.

An Mona Lisa

Goideadh an Mona Lisa ón Músaem Louvre i bPáras agus dhá bhliain ina dhiaidh sin, ar an 12ú lá de mhí na Nollag 1913, fuarthas arís é in Florence, i seomra freastalaí Iodálach darbh ainm Vincenzo Peruggia. Iarfhostaí sa Louvre ab ea Peruggia agus bhí sé mar bhall den ghrúpa a ghoid an Mona Lisa. Bhíodar gléasta suas mar dhoirseoirí sa Louvre. Chríochnaigh Leonardo da Vinci, duine des na healaíontóirí Iodálacha is cáiliúla riamh, an Mona Lisa i 1504. Cuireadh Peruggia i bpríosún ach níor chaith sé ach ceithre mhí dhéag ann. Cuireadh an Mona Lisa ar ais sa Louvre agus tá sé ann ó shin. Tá sé ar taispeáint laistigh de ghloine philéardhíonach. Tagann na milliúin daoine chun é a fheiscint gach bhliain.

Dúcheist Tapaidh

Nuair a bhí Tom ag déanamh an siopadóireacht don Nollag chuaigh sé isteach i siopa leabhar. Chonaic sé 7 leabhair a thaitin leis. Bhí €99 ina phóca ach ní raibh go leor aige chun na 7 leabhair a cheannach. Shocraigh sé ar 4 cinn díobh a cheannach. Ag úsáid an liosta thíos, pioc amach na leabhair a cheannaigh Tom. Leabhar 1, €27 Leabhar 2, €33 – Leabhar 3, €38 Leabhar 4, €40 Leabhar 5, €15 – Leabhar 6, €24 – Leabhar 7, €29.